**Uimhir Chiorcláin: 0088/2024**

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)**

# Beart costais maireachtála chun tacú le costais mhéadaithe reatha scoile

## 1. Réamhrá

1.1. Is é aidhm an chiorcláin seo ná cuntas a thabhairt ar na socruithe i ndáil leis an mbeart costais maireachtála ar fiú €45 milliún san iomlán é a íoc chun tacú le freastal ar an méadú i gcostais reatha scoile a fógraíodh mar chuid de na bearta costais maireachtála i mBuiséad 2025.

1.2. Íocfar an deontas seo le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais lena n-áirítear meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus le BOOanna i ndáil le scoileanna BOO.

1.3. Eiseofar an deontas seo ar fiú €45 milliún san iomlán é chuig scoileanna i mí na Samhna 2024.

## 2. Aidhm an Deontais

2.1. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do gach scoil aitheanta sa Scéim Saoroideachais trí dheontais in aghaidh an duine. Is iad an dá phríomhdheontas ná an deontas caipitíochta chun freastal ar chostais reatha laethúla lena n-áirítear téamh, soilsiú srl. agus na deontais choimhdeacha chun freastal ar an gcostas a bhaineann le foireann seirbhísí coimhdeacha a fhostú. Is féidir breathnú ar na deontais sin mar dheontas coiteann a fhéadfaidh an Bord Bainistíochta/an Bord Oideachais agus Oiliúna a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin. Féach ar Chiorclán 0040/2009 agus ar Chiorclán 0048/2009 le haghaidh tuilleadh eolais.

2.2. Cuireadh maoiniú breise ar fáil mar chuid de na bearta costais maireachtála i mBuiséad 2025. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil d'fhonn a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí airgeadais ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais chun freastal ar

chostais bhreise fuinnimh agus ar an méadú ar chostais reatha laethúla eile.

2.3. Maidir le leictreachas agus bulc-bhreoslaí téimh, ba cheart do scoileanna agus do BOOanna a bheith ar an eolas gur cuireadh rátaí a idirbheartaíodh go lárnach ar fáil do scoileanna/do BOOanna trí chreataí arna bhfoinsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá eolas maidir leis an gcaoi ar féidir leas a bhaint as na socruithe sin ar fáil trí shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna www.spu.ie nó, i gcás na BOOanna trí theagmháil a dhéanamh le procurement@etbi.ie.

## 3. Socruithe maidir le deontais a íoc

3.1. Déanfar an deontas costais maireachtála seo a ríomh bunaithe ar rollú aitheanta daltaí amhail an 30 Meán Fómhair 2023. Is bunaithe ar rollú 60 dalta ar a laghad atá an deontas a íoctar le bunscoileanna aitheanta a bhfuil a rollú cothrom le 60 dalta nó níos lú ná 60 dalta.

3.2. Tá rátaí breisithe iníoctha i leith daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta agus i leith daltaí den Lucht Siúil atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha chun cabhrú le freastal ar na costais bhreise a bhaineann le costais reatha seomraí ranga ina gcuirtear sainsholáthar ar fáil do líon beag daltaí. Braitheann na rátaí sin ar leibhéal faoi leith an riachtanais atá i gceist.

3.3. Tá na rátaí caighdeánacha príomhshrutha agus na rátaí breisithe in aghaidh an duine atá iníoctha maidir leis an deontas costais maireachtála €45 milliún leagtha amach in Aguisín A thíos. Áirítear an ráta príomhshrutha sna rátaí breisithe bunscoile atá luaite.

3.4. Tá táblaí a chuireann sampla ar fáil maidir le leibhéal an mhaoinithe atá ar fáil do scoileanna de mhéideanna éagsúla san áireamh in Aguisín A freisin.

3.5. Eiseofar an maoiniú seo ar fiú €45 milliún san iomlán é chuig scoileanna i mí na Samhna 2024. I gcás na scoileanna BOO, íocfar an deontas costais maireachtála leis an BOO ábhartha.

## 4. Cúrsaíocht agus Ceisteanna

4.1. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta / den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus den Chumann Tuismitheoirí (más bainteach).

4.2. Ba chóir ceisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig Rannán Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie nó i gcás na BOOanna chuig Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO chuig financialetb@education.gov.ie

| | |
|---|---|
| **Tom Deegan**<br>**Príomhoifigeach**<br>**Rannán Airgeadais na Scoileanna** | **Teresa McNeill**<br>**Príomhoifigeach**<br>**Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO** |

19 Samhain 2024

## Aguisín A

### Rátaí deontais agus samplaí den mhaoiniú ar fáil do scoileanna maidir leis an deontas costais maireachtála €45 milliún

| Rátaí in aghaidh an duine don deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta | | |
|---|---|---|
| **Rátaí príomhshrutha** | | |
| **Catagóir** | **Faoi bhun 12 bhliain d'aois** | **12 mbliana d'aois & níos sine** |
| a) Ráta Príomhshrutha | €36.00 | €36.00 |
| b) Scoileanna Náisiúnta atá faoi chothabháil Oifig na nOibreacha Poiblí | €14.40 | €14.40 |
| **Rátaí Breisithe a bhfuil an ráta Príomhshrutha san áireamh iontu** | | |
| Lagú Radhairc | €174.00 | €174.00 |
| Lagú Éisteachta | €174.00 | €174.00 |
| Faoi Thrombhodhaire | €179.00 | €179.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha) | €93.00 | €138.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil speisialta) | €115.00 | €174.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach | €174.00 | €174.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/Trom | €179.00 | €179.00 |
| Míchumas Foghlama ar Leith (Scoil Phríomhshrutha) | €93.00 | €138.00 |
| Míchumas Foghlama ar Leith (Scoil Speisialta) | €115.00 | €174.00 |
| Suaitheadh Mothúchánach | €174.00 | €174.00 |
| Suaitheadh Mothúchánach Trom | €179.00 | €179.00 |
| Míchumas Fisiciúil | €174.00 | €174.00 |
| Uathachas/Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais | €179.00 | €179.00 |
| Neamhord Teanga agus Urlabhra ar leith | €174.00 | €174.00 |
| Roinnt Cineálacha Míchumais | €179.00 | €179.00 |
| Páistí den Lucht Siúil | €51.00 | €51.00 |
| Luath-Idirghabháil i leith Neamhord de chuid Speictream an Uathachais | €179.00 | €179.00 |

…..

| Rátaí in aghaidh an duine don deontas costais maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Cineál Deontais** | **Ráta** |
| Deontas Caighdeánach | €55.00 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | €36.00 |
| Deontas do Dhaltaí den Lucht Siúil | €39.00 |

| Sampla den deontas costais maireachtála do bhunscoileanna aitheanta | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| Suas le 60 | €2,160 |
| 100 | €3,600 |
| 200 | €7,200 |
| 400 | €14,400 |
| 600 | €21,600 |
| Tabhair ar aird: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |

| Sampla den deontas costais maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| 200 | €11,000 |
| 400 | €22,000 |
| 600 | €33,000 |
| 800 | €44,000 |
| 1000 | €55,000 |
| 1600 | €88,000 |
| Tabhair ar aird: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |